2024/812

21.3.2024

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 186/2023

an 5 Iúil 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/812]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/977 ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2018 lena gceartaítear an leagan Bulgáirise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le doiciméid um fhaisnéis bhunriachtanach do tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna) trí chaighdeáin theicniúla rialála a leagan síos maidir le cur i láthair, inneachar, athbhreithniú agus leasú doiciméad um fhaisnéis bhunriachtanach agus maidir leis na coinníollacha chun an ceanglas a chomhlíonadh maidir le doiciméid den sórt sin a sholáthar ([1]), té sé le ionchorprú i gComhaontú EEA.

(2) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1666 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2022 lena gceartaítear an leagan Danmhairgise d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le doiciméid um fhaisnéis bhunriachtanach do tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna) trí chaighdeáin theicniúla rialála a leagan síos maidir le cur i láthair, inneachar, athbhreithniú agus leasú doiciméad um fhaisnéis bhunriachtanach agus maidir leis na coinníollacha chun an ceanglas a chomhlíonadh maidir le doiciméid den sórt sin a sholáthar ([2]), tá sé le ionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear na fleasca a leanas isteach i bpointe 31bgb (Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'— **32018 R 0977**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/977 ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2018 (IO L 176, 12.7.2018, lch. 1),

— **32022 R 1666**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1666 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2022 (IO L 251, 29.9.2022, lch. 3).'

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Tarmligthe (AE) 2018/977 agus (AE) 2022/1666 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 6 Iúil 2023, ar an gcoinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 67/2020 ó Chomhchoiste LEE an 30 Aibreán 2020 ([3]), cibé acu is déanaí.

([1]) IO L 176, 12.7.2018, lch. 1.
([2]) IO L 251, 29.9.2022, lch. 3.
* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([3]) IO L 72, 9.3.2023, lch. 39.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Iúil 2023.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Pascal SCHAFHAUSER